Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3736

24.6.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Krajský soud v Brně (Poblacht na Seice) a taisceadh an 29 Feabhra 2024 - OSA - Ochranný svaz autorský pro práva k dílům hudebním, z.s. v Úřad pro ochranu hospodářské soutěže**

**(Cás C-161/24, OSA)**

(C/2024/3736)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Krajský soud v Brně

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* OSA – Ochranný svaz autorský pro práva k dílům hudebním, z.s.

*Cosantóir:* Úřad pro ochranu hospodářské soutěže

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An bhféadfaí léiriú a dhéanamh ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh sa chaoi gur mí-úsáid ceannasachta de réir bhrí an Airteagail sin atá i gcleachtas cumainn bailithe dleachtanna a bhfuil monaplacht *de facto* aige i mBallstát ar dá réir a ghearrann sé praghsanna ar oibreoirí saoráidí lóistín as ceadúnas a sholáthar chun saothair atá faoi chóipcheart a chur ar fáil trí ghlacadóirí teilifíse agus raidió atá lonnaithe i seomraí a bheartaítear chun lóistín a thabhairt d'aíonna, gan beann ar áitíocht iarbhír na seomraí ar leith?

2. Má tá freagra dearfach ar an gcéad cheist, cé acu cur i bhfeidhm (a) dálaí mí-chóra trádála nó (b) praghsanna iomarcacha a bhfuil measúnú le déanamh ar a leithéid de chleachtas dá réir?

   – Más cur i bhfeidhm dálaí mí-chóra trádála atá ceart, cad í an tástáil shonrach atá le cur i bhfeidhm le measúnú a dhéanamh air?

   – Más cur i bhfeidhm praghsanna iomarcacha atá ceart, cad í an tástáil shonrach atá le cur i bhfeidhm – gnáththástáil '*United Brands*' nó leagan modhnaithe áirithe de?

3. Agus sárú á chruthú ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcleachtas dá dtagraítear sa chéad cheist, an gá droch-éifeachtaí iarbhíre nó féideartha ar iomaíocht a chruthú (lena n-áirítear éifeachtaí ar leas na dtomhaltóirí agus éifeachtaí dúshaothraithe chleachtas an ghnóthais cheannasaigh)?

4. Agus sárú á chruthú ar Airteagal 102(a) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcleachtas dá dtagraítear sa chéad cheist, an gá a chruthú go bhfuil éifeacht shuntasach ag an gcleachtas ar thrádáil idir Ballstáit, nó an leor go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil lena leithéid d'éifeacht a bheith ann gan gá le scrúdú a dhéanamh ar a méid iarbhíre?